Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2023
(OR. en)

11427/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0264(BUD)**

FIN 739
INST 254
PE-L 24

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024: Seasamh ón gComhairle |

## I. RÉAMHRÁ

Is é atá i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2024 **(DB 2024)** arna mholadh ag an gCoimisiún Eorpach[1]:

– EUR 189 340.98 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair **gealltanas**[2];

– EUR 143 053.38 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **íocaíochtaí**[2].

I gcomparáid le buiséad 2023[3], is léiriú iad na méideanna sin ar mhéadú +1.4 % i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ar laghdú –15.2 % i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

1 Áirítear sna méideanna sin leithreasuithe dá bhforáiltear d’ionstraimí speisialta lasmuigh de CAI.
2 dá bhfuil coigeartuithe clárshonracha dar luach EUR 1 690 milliún ag teacht ó Airteagal 5 de Rialachán CAI.
3 Níor áiríodh buiséid leasaitheacha Uimh. 1/2023 agus 2/2023.

## II. AN CUR CHUIGE ARNA GHLACADH AG AN GCOISTE UM AN MBUISÉAD

Níor scrúdaíodh DB 2024 le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil 2023 ach amháin faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus cuireadh san áireamh go bhfuil an togra ón gCoimisiún bunaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha. Scrúdaíodh é freisin ar bhonn na bprionsabal a bunaíodh sna conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2024[4]. Go háirithe, ba iad na treoirphrionsabail maidir leis an seasamh reatha ón gComhairle a bhunú i ndáil le dréachtbhuiséad 2024 an aidhm buiséadú stuama réalaíoch a áirithiú chomh maith le hacmhainní leormhaithe a chur ar fáil chun tacú le tosaíochtaí arna leagan amach go soiléir.

Mar thoradh air sin, rinne an Coiste um an mBuiséad anailís mhionsonraithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh gach cláir agus gach gníomhaíochta de réir líne bhuiséid, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- acmhainneacht ionsúcháin réalaíoch;
- cur chun feidhme na gclár a ghéarú mar is iomchuí trí mhéaduithe iomarcacha a sheachaint i gcomparáid le 2023;
- corrlaigh leordhóthanacha faoi na huasteorainneacha chun déileáil le cúinsí gan choinne.

Léirítear toradh mheasúnú an Choiste um an mBuiséad sa togra chun na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a choigeartú síos EUR 771.92 milliún. Tá coigeartuithe an-spriocdhírithe teoranta do cheannteidil 1 (*An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha*). 2 (*Comhtháthú agus Luachanna*), 3 (*Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol*), 4 (*Imirce agus Bainistiú Teorainneacha*) agus 5 (*Slándáil agus Cosaint*) agus is é is aidhm dóibh laghdú a dhéanamh ar na línte a méadaíodh i gcomparáid le buiséad 2023 a vótáladh, chun rioscaí a chosc i dtéarmaí acmhainneacht ionsúcháin.

[4] 7415/23.

Moltar coigeartú spriocdhírithe freisin i gcás fho-cheannteideal 2b (*Athléimneacht agus Luachanna*) le haghaidh líne Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Tacaíonn an togra le cur chuige níos coimeádaí, i gcomhréir le buiséadú stuama, maidir le costais mhaoiniúcháin NextGenerationEU (NGEU). Fágfaidh an coigeartú atá molta maidir le líne Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh nach mbeidh gá a thuilleadh le húsáid na hIonstraime Corrlaigh Aonair, a mhol an Coimisiún le haghaidh fho-cheannteideal 2b, agus laghdóidh sé freisin an úsáid atá beartaithe a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta.

Moltar freisin coigeartú suas faoi cheannteideal 6 (*Comharsanacht agus an Domhan*) sa Chabhair Dhaonnúil (HUMA) chun an leibhéal céanna tacaíochta daonnúla a choinneáil agus a bhí i mbuiséad 2023 a vótáladh, chun freagairt ar na hiarmhairtí a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ós rud é nach bhfuil aon chorrlach ar fáil faoi cheannteideal 6, iarrtar leis an gcoigeartú atá beartaithe úsáid chomhréireach na hIonstraime Solúbthachta.

Maidir le <u>leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí</u>, léirítear toradh mheasúnú an Choiste um an mBuiséad sa togra chun an leibhéal a choigeartú síos <u>EUR 514.62 milliún</u>. I gceannteideal 6, tá sé beartaithe an leibhéal céanna leithreasuithe a choinneáil agus a bhí i mbuiséad 2023 a vótáladh le haghaidh HUMA. Rinneadh laghdú ar líne Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (fho-cheannteideal 2b) ós rud é go bhfuil leithreasuithe neamhdhifreáilte (LN) sa líne sin. Déantar ráiteas ón gComhairle maidir le híocaíochtaí a thaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Maidir le <u>caiteachas riaracháin</u>, moltar glacadh leis an togra ón gCoimisiún mar atá. Chuir an Coimisiún cur chuige cothrománach i bhfeidhm agus laghdaigh sé buiséid uile na n-institiúidí chun a threoracha a chomhlíonadh. Tríd an méid sin a dhéanamh, rinne an Coimisiún buiséid na n-institiúidí a ailíniú le hionchais na Comhairle, go háirithe maidir le leibhéil chobhsaí foirne agus méadú teoranta ar chaiteachas nach mbaineann le tuarastal. Déantar ráiteas ón gComhairle maidir le ceannteideal 7 (*Riarachán Poiblí Eorpach*) a thaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

## III. <u>TORADH IMEACHTAÍ AN CHOISTE UM AN mBUISÉAD</u>[5],[6]

Ar bhonn an chur chuige thuas, **thángthas ar** chomhaontú i ndáil le **seasamh ón gComhairle maidir le DB 2024** a mbeadh na méideanna seo a leanas i gceist leis[7]:

– EUR 187 008.20 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **gealltanas**;

– EUR 141 167.37 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **íocaíochtaí**.

Comhfhreagraíonn méid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dá bhforáiltear sa seasamh ón gComhairle maidir le DB 2024 do 0.80 % d'ollioncam náisiúnta (ONI) an Aontais[8].

I ndáil leis an méid sin, moltar na coigeartuithe seo a leanas a dhéanamh ar dhréachtbhuiséad 2024:

### *A. CAITEACHAS DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI 2021-2027*

#### 1. <u>An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha</u> (ceannteideal 1 de CAI)[9]

– leibhéal na <u>leithreasuithe faoi chomhair gealltanas</u> a bhunú, lena ndírítear ar laghdú iomlán EUR 230 milliún sna leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2024 agus a leithdháiltear ar líon línte buiséid sonracha a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **01 - Taighde agus Nuálaíocht** (-EUR 178 milliún, is é sin -EUR 166 milliún ar *Fís Eorpach*, -EUR 2 mhilliún ar *Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom* agus -EUR 10 milliún ar an *Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER))*,

---

5 Leagtar amach tábla achoimre ar thoradh na n-imeachtaí in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

6 Tá na torthaí mionsonraithe a bhaineann leis na réimsí beartais éagsúla in Iarscríbhinní 2 go 6 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

7 Áirítear sna méideanna sin leithreasuithe dá bhforáiltear d'ionstraimí speisialta lasmuigh de CAI.

8 Bunaithe ar réamhaisnéis mhí na Bealtaine 2023 ar ONI.

9 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2024 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

- **02 - Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha** (-EUR 22.5 milliún, is é sin -EUR 20 milliún ar an *gClár don Eoraip Dhigiteach* agus -EUR 2.5 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon ar *Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)*, ar an *nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)*, ar *Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)* agus ar *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)*,

- **03 - An Margadh Aonair** (-EUR 27.5 milliún, is é sin -EUR 4 mhilliún ar *Chomhar i réimse an chánachais (FISCALIS)*, -EUR 20 milliún ar *Chomhar i réimse an chustaim (CUSTAM)* agus -EUR 3.5 milliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon ar an *Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)*, ar an *Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)* agus ar an *Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac*),

- **04 – An Spás** (-EUR 2 mhilliún, ar *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)*);

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú EUR 8 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2024, mar thoradh ar na laghduithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **02 - Infheistíochtaí Straitéiseach Eorpacha** (-EUR 2.5 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon ar *Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)*, ar an *nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)*, ar *Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)* agus ar *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)*),

- **03 - An Margadh Aonair** (-EUR 3.5 milliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon ar an *Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)*, ar an *Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)* agus ar an *Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac*),

- **04 – An Spás** (-EUR 2 mhilliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon ar *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 396.65 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 1.

2. **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna (ceannteideal 2 de CAI)**[10]

(a) Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach (fo-cheanntheideal 2a de CAI)

– glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon mar atá (EUR 64 665.20 milliún agus EUR 24 155.65 milliún, faoi seach);

– is é EUR 17.80 milliún **an corrlach a bheadh ar fáil** faoi fho-cheannteideal 2a, arna mholadh ag an gCoimisiún.

[10] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2024 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

(b) Athléimneacht agus Luachanna (fo-cheannteideal 2b de CAI)

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, lena ndírítear ar laghdú iomlán EUR 612.82 milliún sna leithreasuithe a iarradh in DB 2024 a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **06 - Téarnamh agus Athléimneacht** (-EUR 572.82 milliún ar *chostas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú*), chun buiséadú stuama a dhéanamh, fad is a bheifear ag feitheamh le figiúirí níos iontaofa bunaithe ar na réamhaisnéisí is déanaí i ndáil le hiarratais ar íocaíocht le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, ar figiúirí iad nach mbeidh ar fáil go dtí tar éis an tsamhraidh, agus ar fhorás na rátaí úis a mheastar a bheidh níos moille ná mar a bhí ag tús na bliana,

  - **07 - Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna** (-EUR 40 milliún ar *Eoraip na Cruthaitheachta*);

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú EUR 572.82 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2024, mar thoradh ar an laghdú ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **06 - Téarnamh agus Athléimneacht** (-EUR 572.82 milliún ar *chostas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– ós rud é **nach mbeadh aon chorrlach** ar fáil faoi fho-cheannteideal 2b, moltar an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh le haghaidh EUR 1 095.35 milliún san iomlán (-EUR 240 milliún). Mar thoradh ar na coigeartuithe atá beartaithe ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i bhfo-cheannteideal 2b, níl gá leis an Ionstraim Corrlaigh Aonair a iarradh in DB 2024 a úsáid a thuilleadh.

**3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** (ceannteideal 3 de CAI)[11,12]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, lena ndírítear ar laghdú iomlán EUR 10 milliún sna leithreasuithe a iarradh in DB 2024, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **09 - An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** (-EUR 10 milliún, is é sin -EUR 5 mhilliún ar an g*Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)* agus -EUR 5 mhilliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon ar an *nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA)*);

11 Déanfar scrúdú breise ar an togra i gcomhthéacs na litreach bliantúla leasaithí lena nuashonraítear na riachtanais agus na leithreasuithe measta le haghaidh caiteachas talmhaíochta, mar a leagtar amach sa ráiteas ón gComhairle maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

12 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2024 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú EUR 5 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2024, mar thoradh ar laghduithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **09 - An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** (-EUR 5 mhilliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon ar an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA));

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 70.11 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 3.

**4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha (ceannteideal 4 de CAI)**[13]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, lena ndírítear ar laghdú iomlán EUR 20 milliún sna leithreasuithe a iarradh in DB 2024, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **11 - Bainistiú Teorainneacha** (-EUR 20 milliún le haghaidh *gníomhaireachtaí díláraithe,* eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*);

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú EUR 20 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2024, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **11 - Bainistiú Teorainneacha** (-EUR 20 milliún le haghaidh *gníomhaireachtaí díláraithe,* eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*);

---

13 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2024 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é <u>EUR 143.29 milliún</u> an **<u>corrlach a bheadh ar fáil</u>** faoi cheannteideal 4.

5. **<u>Slándáil agus Cosaint</u> (ceannteideal 5 de CAI)**[14]

– leibhéal na <u>leithreasuithe faoi chomhair gealltanas</u> a bhunú, lena ndírítear ar laghdú iomlán EUR 17 milliún sna leithreasuithe a iarradh in DB 2024, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **12 - Slándáil** (-EUR 7 milliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon ar an *Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)*),

- **13 – Cosaint** (-EUR 10 milliún ar *Chlár an Aontais um Nascacht Shlán*);

– leibhéal na leithreasuithe <u>faoi chomhair íocaíochtaí</u> a leagan síos, lena ndéantar laghdú EUR 7 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2024, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **12 - Slándáil** (-EUR 7 milliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon ar an *Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– ós rud é **<u>nach mbeadh aon chorrlach</u>** ar fáil faoi cheannteideal 5, moltar an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh, i gcomhréir le togra 'EDIRPA' ó mhí Iúil 2022, le haghaidh EUR 283.18 milliún san iomlán (-EUR 17 milliún).

---

[14] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2024 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

6. **An Chomharsanacht agus an Domhain (ceannteideal 6 de CAI)**[15]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, lena ndírítear ar mhéadú iomlán EUR 117.90 milliún sna leithreasuithe a iarradh in DB 2024, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **14 - Gníomhaíocht Sheachtrach** (+EUR 117.90 milliún ar *Chabhair dhaonnúil (HUMA)*);

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar méadú EUR 98.20 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2024, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **14 - Gníomhaíocht Sheachtrach** (+EUR 98.20 milliún ar *Chabhair dhaonnúil (HUMA)*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon, arna mholadh ag an gCoimisiún;

– ós rud é **nach mbeadh aon chorrlach** ar fáil faoi cheannteideal 6, moltar an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh le haghaidh EUR 117.90 milliún san iomlán.

7. **An Riarachán Poiblí Eorpach (ceannteideal 7 de CAI)**[16]

(a) **Roinn I – Parlaimint na hEorpa**

Maidir le **Parlaimint na hEorpa**, moltar DB 2024 (Roinn I) a fhormheas mar atá sé (EUR 2 354.86 milliún).

15 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2024 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

16 Leis na méideanna, eisiatar ranníocaíochtaí na n-institiúidí leis na Scoileanna Eorpacha (Cineál 2).

**(b) Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle**

Maidir leis **an gComhairle Eorpach agus an Chomhairle**, moltar DB 2024 (Roinn II) a fhormheas mar atá sé (EUR 676.84 milliún).

**(c) Roinn III – An Coimisiún Eorpach**

Maidir le **caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh** (lena n-áirítear OP, OLAF, EPSO, PMO, OIB agus OIL) moltar DB 2024 (Roinn II) a fhormheas mar atá sé (EUR 4 221.45 milliún).

Glactar leis an tsuim fhoriomlán de EUR 2 812.625 milliún do **Scoileanna Eorpacha agus Pinsin** mar atá sé in DB 2024.

***Oifig na bhFoilseachán (OF)***

Maidir le **hOifig na bhFoilseachán**, moltar DB 2024 a fhormheas mar atá sé (EUR 120.45 milliún).

***An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)***

Maidir leis **an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne**, moltar DB 2024 a fhormheas mar atá sé (EUR 27.72 milliún).

***An Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO)***

Maidir leis **an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla**, moltar DB 2024 a fhormheas mar atá sé (EUR 53.83 milliún).

***An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB)***

Maidir leis **an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil**, moltar DB 2024 a fhormheas mar atá sé (EUR 94.67 milliún).

*An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg (OIL)*

Maidir leis **an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg**, moltar DB 2024 a fhormheas mar atá sé (EUR 31.73 milliún).

*An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)*

Maidir leis **an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise**, moltar DB 2024 a fhormheas mar atá sé (EUR 67.18 milliún).

**(d) Roinn IV – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

Maidir le **Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**, moltar DB 2024 (Roinn IV) a fhormheas mar atá sé (EUR 502.44 milliún).

**(e) Roinn V – Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**

Maidir le **Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**, moltar DB 2024 (Roinn V) a fhormheas mar atá sé (EUR 184.80 milliún).

**(f) Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Maidir le **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**, moltar DB 2024 (Roinn VI) a fhormheas mar atá sé (EUR 164.95 milliún).

**(g) Roinn VII – Coiste Eorpach na Réigiún**

Maidir le **Coiste Eorpach na Réigiún**, moltar DB 2024 (Roinn VII) a fhormheas mar atá sé (EUR 121.88 milliún).

**(h) Roinn VIII – An tOmbudsman Eorpach**

Maidir leis **an Ombudsman Eorpach**, moltar DB 2024 (Roinn VIII) a fhormheas mar atá sé (EUR 13.67 milliún).

**(i) <u>Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí</u>**

Maidir leis **an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**, moltar DB 2024 (Roinn IX) a fhormheas mar atá sé (EUR 23.92 milliún).

**(j) <u>Roinn X – An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí</u>**

Maidir leis **an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**, moltar DB 2024 (Roinn X) a fhormheas mar atá sé (EUR 872.20 milliún).

Maidir le **<u>leibhéil foirne</u>**, moltar glacadh leis na pleananna bunaíochta in DB 2024 le haghaidh na n-institiúidí uile mar atá molta ag an gCoimisiún;

Ós rud é **<u>nach mbeadh aon chorrlach</u>** ar fáil faoi cheannteideal 7, moltar an Ionstraim Corrlaigh Aonair a shlógadh le haghaidh EUR 176.6 milliún san iomlán, is é sin EUR 131.00 milliún le haghaidh chaiteachas riaracháin na n-institiúidí agus EUR 45.62 milliún le haghaidh phinsin na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí uile, chun go mbeidh na hinstitiúidí in ann a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, mar atá molta ag an gCoimisiún.

***B. <u>IONSTRAIMÍ SPEISIALTA</u>***

Moltar go gcoinneofaí na leithreasuithe a iontráladh in DB 2024 don <u>Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála</u>, sa <u>Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú</u> agus i <u>gCúlchiste Coigeartaithe Brexit</u>.

Bunaítear na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a iontráladh in DB 2024 ag EUR 1 496.43 milliún (-EUR 139.1 milliún) le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta agus ag EUR 176.62 milliún (-EUR 372.82 milliún) le haghaidh na hIonstraime Corrlaigh Aonair. Sa dhá chás, coinnítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí mar atá siad in DB 2024.

## *C.* ***IONCAM***

A mhéid a bhaineann le hioncam, moltar glacadh le DB 2024 tar éis na gcoigeartuithe teicniúla a eascraíonn as na hathruithe a rinneadh ar chaiteachas i seasamh na Comhairle.

## *D.* ***GNÉITHE GINEARÁLTA EILE***

### 1. **Barúlacha maidir leis an mBuiséad**

Moltar na barúlacha maidir leis an mbuiséad atá in DB 2024 a ailíniú leis na hathruithe a rinneadh ar chaiteachas i seasamh na Comhairle agus go háirithe ranníocaíochtaí an Aontais le maoiniú chomhlachtaí éagsúla an Aontais.

### 2. **Ainmníocht**

A mhéid a bhaineann le hainmníocht, moltar go nglacfaí le DB 2024.

### 3. **Bunúis dlí**

Tugtar aire ar leith d'fhorálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le bunúis dlí.

## IV. CONCLÚID

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid seo a leanas:

  - toradh na n-imeachtaí mar a leagtar amach é i bpointe III thuas,
  - sainordú a thabhairt don Uachtaránacht an seasamh ón gComhairle mar aon leis an meabhrán míniúcháin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE, agus an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a fhormheas chuige sin,
  - a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle na ráitis a thaifeadtar in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo a chur isteach ina miontuairiscí,
  - an seasamh ón gComhairle a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar a leagtar amach in 11428/23 é;

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/1242 ón gComhairle[17], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an ngníomh a ghlacadh.

---

[17] Cinneadh (AE) 2022/1242 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 190, 19.7.2022, lch. 137).

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin Uasail,

Gheobhaidh tú, faoi chlúdach ar leith, seasamh na Comhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, arna ghlacadh ag an gComhairle.

(Beannachtaí scoir)